



# SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

## CÁRTAÍ DÍOSPÓIREACHTA GLUAISTÍ

**ACMHAINN TACAÍOCHTA - CAIBIDIL 1**

GNÍOMHAÍOCHT AR  
MHAITHE LEIS AN  
**TSAORÁNACHT**  
**DHOMHANDA**

**SRAITH STRATÉISÍ DO MHIÚNTEORÍ**



# 1 DEIREADH A CHUR LEIS AN MBOCHTAINÉACHT



- Faoi 2030, gan aon bhochtaineacht thromchúiseach a bheith in aon áit, is é an tslat tomhais dó sin ná daoine atá ag maireachtáil ar níos lú ná €1.15 in aghaidh an lae
- Faoi 2030, ar a laghad 50% den sciar daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a laghdú
- Faoi 2030, a chinntiú go mbeidh comhchearta ag gach duine chun acmhainní eacnamaíocha, seirbhísí bunúsacha, oidhreachta, acmhainní nádúrtha, teicneolaíocht nua agus seirbhísí airgeadais, mar aon leis an gceart chun talamh agus réadmhaoin a bheith acu agus a rialú



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 2 DEIREADH A CHUR LEIS AN OCRAS



- Faoi 2030, deireadh a chur leis an ocras agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar bhia slán cothaitheach ó cheann ceann na bliana
- Faoi 2030, táirgiúlacht talmhaíochta agus ioncam táirgeoirí bia mionscála a mhéadú faoi dhó, go háirithe mná, pobail dúchais, feirmeoirí teaghlaigh agus iascairí
- Faoi 2030, a chinntiú go mbeidh córais táirgthe bia inbhuanaithe ann a mhéadóidh an táirgiúlacht, a chabhróidh le héiceachórais a choinneáil, a threiseoidh an cumas chun dul i dtiaithí ar an athrú aeráide, aimsir fhoircneach, triomach, tuilte agus tubaistí eile, agus a fheabhsóidh cáilíocht na talún agus na hithreach de réir a chéile



# 3 SLÁINTE MHAITH



- Faoi 2030, an cóimheas mortlaíochta máithreacha a laghdú go dtí níos lú ná 1:1429 beobhreith
- Faoi 2030, deireadh a chur le bás inchoiscthe naíonán nuabheirthe agus Páistí faoi bhun 5 bliana d'aois
- Faoi 2030, deireadh a chur le heipidéimí seif, eitinne, maláire agus galar trópaiceach a ndéantar neamhshuim díobh, agus dul i ngleic leis an eipitéas agus galair uisce-iompartha



# 4 OIDEACHAS AR ARDCHAIGHDEÁN






- Faoi 2030, a chinntiú go gcuirfidh gach cailín agus buachaill oideachas bunscoile agus meánscoile saor in aisce ar ardchaighdeán i gcrích, agus go mbeidh torthaí foghlama éifeachtacha mar thoradh air sin
- Faoi 2030, a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach bean agus fear ar oideachas inacmhainne ar ardchaighdeán, lena n-áirítear oideachas ollscoile
- Faoi 2030, a chinntiú go mbainfidh gach duine óg agus sciar maith daoine fásta, idir mhná agus fhir, litearthacht agus uimhearthacht amach



**5**

**COMHIONANNAS  
INSCNE**



- Deireadh a chur le gach foirm leithcheala ar mhná agus cailíní i ngach áit
- Fáil réidh le gach cineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní, lena n-áirítear gáinneáil agus teacht i dtír gnéasach
- Deireadh a chur le gach cleachtas dochrach, mar shampla, pósadh páistí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, chomh maith le ciorrú ball giniúna ban



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 6 UISCE GLAN AGUS SLÁINTÍOCHT




- Faoi 2030, rochtain uilíoch chóir ar uisce óil slán, inacmhainne a bhaint amach do chách
- Faoi 2030, rochtain ar shláintíocht agus sláinteachas a bhaint amach do chách agus deireadh a chur le dífhaecú oscailte, agus aird ar leith á díriú orthu siúd atá i gcúinsí leochaileacha
- Faoi 2030, cáilíocht an uisce a fheabhsú ach truailliú a laghdú, fáil réidh le dumpáil, agus scaoileadh ceimiceán agus ábhar guaiseach a laghdú, an sciar fuíolluisce neamhchóireáilte a laghdú faoina leath, agus athchúrsáil agus athúsáid shlán a mhéadú go suntasach ar fud an domhain



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 7 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE



- Faoi 2030, a chinntiú go mbeidh rochtain ag cách ar fhuinneamh inacmhainne iontaofa nua-aimseartha
- Faoi 2030, an sciar fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil ar fud an domhain a mhéadú go suntasach
- Faoi 2030, an ráta domhanda feabhsaithe san éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi dhó



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 8 POIST MHAITHE AGUS FÁS EACNAMAÍOCH





- An fás eacnamaíoch per capita a choinneáil de réir na bhfigiúirí náisiúnta agus fás 7% ar a laghad ar an olltáirgeacht intíre in aghaidh na bliana a bhaint amach sna tíortha is lú forbairt
- Leibhéil níos airde táirgiúlachta eacnamaíche a bhaint amach bunaithe ar éagsúlú agus nuáil teicneolaíochta
- Beartais a chur chun cinn atá dírithe ar an bhforbairt agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí táirgiúla, cruthú post fiúntach, fiontraíocht, cruthaitheacht agus nuáil, agus a chuireann fás fiontar beag agus meánmhéide chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar sheirbhísí airgeadais



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 9 TIONSCAIL, NUÁIL AGUS BONNEAGAR




- Bonneagar iontaofa inbhuanaithe acmhainneach ar ardchaighdeán a fhorbairt chun tacú le forbairt gheilleagrach agus folláine daoine, agus é dírithe ar rochtain inacmhainne do chách
- Tionsclú ionchuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn agus sciar fostaíochta agus olltáirgeachta intíre na tionsclaíochta a ardú de réir na gcúinsí náisiúnta, agus a sciar sna tíortha is lú forbairt a mhéadú faoi dhó
- Rochtain gnóthas mionscála, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, ar sheirbhísí airgeadais a mhéadú, lena n-áirítear creidmheas inacmhainne, agus cuimsiú na ngnóthas sin sna margaí



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 10 NEAMHIONANNAS LAGHDAITHE



- Faoi 2030, fás ioncam a bhaint amach ar bhonn leanúnach i 40% de na daoine is ísle ioncam den daonra ag ráta níos airde ná an meán náisiúnta, agus an fás sin a choinneáil
- Faoi 2030, ionchuidsiú sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil gach duine a chumasú agus a chur chun cinn, is cuma cén aois, gnéas, míchumas, cine, eitneacht, bunús, creideamh, nó stádas eacnamaíoch nó eile atá acu
- Comhionannas deiseanna a chinntiú agus neamhionannas torthaí a laghdú, agus chuige sin, fáil réidh le dlíthe, beartais agus cleachtais leithchealacha, agus reachtaíocht, beartais agus gníomhaíocht oiriúnach a chur chun cinn



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE



- Faoi 2030, rochtain a bheith ag cách ar thithíocht shábháilte leordhóthanach inacmhainne agus ar sheirbhísí bunúsacha, agus plódcheantair a uasghrádú
- Faoi 2030, rochtain a bheith ann ar chórais iompair shábháilte inacmhainne inbhuanaithe do chách, an tiompar poiblí a bheith feabhsaithe chun sábháilteacht bóithre a fheabhsú, agus aird ar leith á díriú ar riachtanais iad siúd atá i gcásanna leochaileacha
- Faoi 2030, uirbiú ionchuimsitheach inbhuanaithe a fheabhsú, agus an cumas pleanála agus bainistithe lonnaíochtaí daonna a fheabhsú i ngach áit



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 12 ÍDIÚ FREAGRACH





- Faoi 2030, bainistiú inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha a bhaint amach
- Faoi 2030, an dramhbhia domhanda per capita a laghdú faoi dhó ag na leibhéil mhiondíola agus tomhaltóra, agus cailteanais bhia feadh na slabhraí táirgeachta agus soláthair a laghdú
- Faoi 2030, giniúint dramhaíola a laghdú go suntasach trí chosc, laghdú, athchúrsáil agus athúsáid




# 13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE



- Acmhainneacht agus cumas chun dul i dtaithe ar ghuaiseacha aimsire agus tubaistí nádúrtha i ngach tír a láidriú
- Bearta um athrú aeráide a chuimsiú i mbeartais, straitéisí agus pleanáil náisiúnta
- Oideachas, ardú feasachta agus cumas daoine agus institiúidí maidir le maolú, cur in oiriúint, laghdú tionchair agus réamhrabhadh a fheabhsú



# 14 AN SAOL FAOI BHUN AN UISCE



- Faoi 2025, an truailliú mara a chosc agus a laghdú, go háirithe truailliú de bharr gníomhaíochtaí ar talamh, lena n-áirítear smionagar mara agus truailliú cothaitheach
- Faoi 2020, éiceachórais mhuirí agus chósta a bhainistiú agus a chosaint go hinbhuanaithe d'fhonn iarmhairtí diúltacha a sheachaint, agus iad a athchóiriú chun aigéin shláintiúla tháirgiúla a chinntiú
- Faoi 2020, rialú éifeachtach a dhéanamh ar mharú agus deireadh a chur le ró-iascaireacht agus cleachtais iascaireachta neamhdhleathacha lotmhara, agus pleananna bunaithe ar an eolaíocht a chur i bhfeidhm chun stoic éisc a thabhairt ar ais a luaithe agus is féidir, nó cibé ar bith chuig leibhéil a mbeidh uastáirgeacht inbhuanaithe mar thoradh orthu arna cinneadh ag a dtréithe bitheolaíocha



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**



# 15 AN SAOL AR TALAMH



- Faoi 2030, dul i ngleic le fairsingiú fásaigh, talamh agus ithir dhíghrádaithe a athchóiriú, lena n-áirítear talamh atá buailte ag triomach agus tuilte, agus dréim le domhan neodrach a chruthú
- Faoi 2030, caomhnú éiceachóras sléibhe a chinntiú, lena n-áirítear bithéagsúlacht, ionas go bhfeabhsófar a gcumas chun tairbhí a sholáthar atá bunriachtanach don fhorbairt inbhuanaithe
- Gníomhú go suntasach agus ar bhonn práinne chun díghrádú gnáthóg nádúrtha a laghdú, an cailteanas bithéagsúlachta a stopadh agus, faoi 2020, speicis atá faoi bhagairt a chosaint agus a ndíothú a chosc



# 16 CEARTAS





- Gach cineál foréigin agus na rátaí báis bainteacha a laghdú go suntasach i ngach áit
- Deireadh a chur le mí-úsáid, dúshaothrú, gáinneáil agus gach cineál foréigin i gcoinne páistí agus céasadh páistí
- Faoi 2030, sreafaí neamhdhleathacha airgid agus arm a laghdú go suntasach, aisghabháil agus tabhairt ar ais sócmhainní goidte a láidriú agus dul i ngleic le gach cineál coireachta eagraithe



**17**

**COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ  
CHUN NA SPRIOCANNA  
A BHAINN AMACH**



- Eagraigh acmhainní breise airgeadais ó fhoinsí éagsúla le haghaidh tíortha i mbéal forbartha
- Forbairt, aistriú, scaipeadh agus leathadh teicneolaíochta atá stuama ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc tíortha i mbéal forbartha ar théarmaí buntáisteacha, lena n-áirítear téarmaí lamháltais agus fabhracha
- Easpórtálacha ó thíortha i mbéal forbartha a mhéadú go suntasach, go háirithe d'fhonn an sciar d'easpórtálacha domhanda atá ag na tíortha is lú forbairt a mhéadú faoi dhó faoi 2020



**SUSTAINABLE  
DEVELOPMENT** **GOALS**

